



## Léigh na nótaí míniúcháin thíos sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo

Ba chóir duit an fhoirm seo a chomhlánú más mian leat iarratas a dhéanamh go n-íocfar d'ús taisce, ar chistí a bhfuil tú i d'úinéar tairbhiúil orthu, leat gan asbhaint de Cháin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)

Is féidir leat díolúine a éileamh má shásaíonn tú (nó do chéile nó do pháirtneír sibhialta) an dá chritéar seo

- Tá tú (nó do chéile nó páirtneír sibhialta) 65 bliana d'aois nó níos sine i rith na bliana 2019
- Ní sháraíonn d'ioncam iomlán (agus ioncam do chéile nó do pháirtneára sibhialta) (is é seo d'ollioncam ó gach foinse, ar nós an Pinsean Stáit agus ús taisce) don bhliain 2019 na méideanna seo a leanas

I gcás Daoine Singile nó Daoine Baintreacha nó Páirtneír Sibhialta Marthanacha €18,000

I gcás Lánúineacha Pósta nó Páirtneírí Sibhialta (comhioncam) €36,000

Cuirtear €575 leis na teorainneacha díolúine sin i gcomhair gach duine den chéad bheirt leanaí cleithiúnacha agus cuirtear €830 leo i gcás gach linbh chleithiúnaigh ina dhiaidh sin. D'fhéadfaí na suimeanna sin a athrú agus déanfar na hathruithe a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

Beidh tú fós i dteideal díolúine ó DIRT a fháil ar do chuntas bainc má tá údarás ag tríú páirtí (m.sh. gaol leat) do chuntas bainc a bhainistiú ar choinníoll nach ndéantar aon athrú ar úinéireacht thairbhiúil do chuntais

Chun iarratas a dhéanamh comhlánaigh an fhoirm lastall agus **cuir ar ais í chuig bainisteoir d'institiúid airgeadais** (bainisteoir do bhainc, chumainn fhoirgníochta, chomhair chreidmheasa nó bhainc thaisce an phoist)

Comhlánaigh **foirm ar leith le haghaidh gach cuntas** atá agat (agus ag do chéile nó do pháirtneír sibhialta)

Ní bhaineann an díolúine seo le comhchuntas ach amháin más lánúin phósta nó páirtneírí sibhialta iad an bheirt shealbhóirí cuntais

**Má athraíonn do dhálaí** agus mura mbíonn tú i dteideal ús a fháil gan asbhaint DIRT beidh sé de dhualgas ort **é sin a chur in iúl do bhainisteoir** áitiúil do bhainc, do chumann foirgníochta, do chomhar creidmheasa nó le banc taisce an phoist

Is foirm í seo arna húdarú ag na Coimisinéirí Ioncaim. D'fhéadfadh sé go ndéanadh na Coimisinéirí Ioncaim é a scrúdú

Is coir é dearbhú bréagach a dhéanamh

### Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (LAÍE)

Go hiondúil bíonn Uimhreacha Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (UICB) agus Cóid Aitheantais Bainc (CAB) ar fáil ar do ráitis chuntais bainc. Tá breis eolais ar LAÍE le fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

Ní féidir aisíocaíocht a dhéanamh díreach chuig cuntas bainc coigríche nach bhfuil ina bhall de LAÍE

### Faisnéis Bhreise

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Má tá aon soiléiriú nó cabhair ag teastáil uait, déan teagmháil le do thoil le d'oifig Ioncaim áitiúil, a bhfuil a huimhir le fáil trí úsáid a bhaint as an Déan teagmháil linn ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) (nó san eolaire teileafóin)